GX413

OLLSCOIL NA hÉIREANN, GAILLIMH

SCRÚDAITHE AN GHEIMHRIDH, 2000

ARD DIOPLÓMA SAN OIDEACHAS

PÁIPÉAR 1
SÍCEOLAÍOCHT AN OIDEACHAIS AGUS CURACLAM

AN BRÁTHAIR Ó NUALLÁIN
AN DR. SEÁN Ó BROLCHÁIN
SEOSAIMHÍN NÍ BHEOLÁIN

Trí uair an chloig a cheadófar. Moltar dhuit dhá uair an chloig a chaitheamh ar Roinn A agus uair a chloig ar Roinn B.
Freagair ceithre cheist, dhá cheann as Roinn A agus dhá cheann as Roinn B.
Úsáid freagarleabhar ar leith do ghach Roinn.

ROINN A: SÍCEOLAÍOCHT AN OIDEACHAIS (2 uair an chloig a mholtar)

1. Is gníomhaíocht coimpléascach í an mhúinteoireacht, ina mbíonn raon leathan eolais agus scileanna ag teastáil. Déan ainilís ar an ról atá ag síceolaíocht oideachasúil chun múinteoirí d'ullmhú le bheith níos éifeachtaí agus níos proifisiúnta ina gcuid múinteoireachta. Tabhair eiseamláirí ábhartha ón lítríocht taighde mar thacaíocht le do fhreagra.

2.

(a) Imlínigh na saintréithe corpeolaíochta, sóisialta, mothúchánacha agus cognaíocha is mó a thagann i gceist do dhaltaí le linn ógántachta.

(b) Déan léirmheas ar na himpleachtaí a thugann eolas dá leithéid do chleachtadh an oideachais.

(c) Conas is féidir le múinteoirí tairbhe a bhaint as smaointe Erikson agus Marcia chun cuidiú le hógánaigh mothú féinaithne a mhúnlú?

3.

(a) Tabhair cuntas ar na prionsabail bhunúsacha agus na céimeanna atá i gceist i dteoiric Piaget faoi fhorás cognaíoch.

(b) Leag amach plean ag taispeáint conas a d'úsáidfeá gnéithe den teoiric mar mhúinteoir sa bhunscoil nó san iarbhunscoil.

(c) Déan léirmheas ar an teoiric faoi na cinnteidíl seo:

- **(i)** ábaltachtaí páistí agus ógánaigh
- **(ii)** oidhreacht chultúrtha
- **(iii)** míniúchán ar fhorás cognaíoch

4.
(a) Déan comparáid idir an fhoghlaim chuiditheach agus foghlaim trí phróiseáil eolais.

(b) Tabhair moltaí faoi na bealaí inar féidir an fhoghlaim mhínitheach a chur in úsáid sa scoil nó i rang.

(c) Conas is féidir le múinteoir cuidiú le daltaí cur chuige réiteach fadhbanna d'fhoghlaim go héifeachtach sa seomra ranga?

5. Scríobh aiste ar **cheann amháin** de na hábhair seo leanas:

(a) Inspreagadh daltaí san iarbhunscoil
(b) Ról an mhúinteora i riar seomra ranga
(c) Dátheangachas san Oideachas
(d) An mhúinteoir athmhachnamhach

ROINN B: CURACLAM AGUS MEASÚNÚ (Uair an chloig a mholtar)

Tá 2 cheist le déanamh as 4 cheist strúchtúra. Freagair 2 cheist in iomlán. Bí cinnte samplaí a thabhairt ó do thaithí féin chun do phointí a léiriú, mas féidir.

6. Deirtear gur féidir cur síos ar phróiseas phleanáil an churaclaim le léaráid mar seo leanas.

Próiseas Phleanáil an Churaclaim

2: Aidhmeanna

1: Anailís **3: Iarmhairtí Foghlama**



6: Luacháil **4: Straitéisí múinteoireachta/foghlama**

5: Measúnú

(a) Mínigh na céimeanna thuas luaite go hachomair le cur síos ar ról na bpríomhghrupaí agus eagraíochtaí atá páirteach sa phróiseas seo in Éirinn ó thaobh churaclam náisiúnta na meánscoile de.

(b) Déan idirdhealú idir an cur chuige atá i gceist le "cuspóirí teagaisc" agus "iarmhairtí foghlama". Mínigh na buntáistí atá ag baint le hiarmhairtí foghlama nuair a réitítear Plean Ceachta. Tabhair samplaí d'iarmhairtí foghlama ó cheann de do Phleananna Ceachta féin.

7. Deirtear gur cóir "measúnú barántúil" a úsáid nuair a chuirtear i bhfeidhm gníomhaíochtaí chun eolas a fháil faoi eolas, scileanna agus dearcaidh na ndaltaí. Deirtear gur féidir an cur chuige seo a úsáid nuair a dheartar measúnú múnlaitheach sa seomra ranga.

(a) Roghnaigh ábhar scoile ar leith agus mol dhá theicnic measúnaithe múnlaitheacha atá oiriúnach chun tréithe measúnaithe barántúla a shásamh. Tabhair cúiseanna le do rogha. Ní mór duit sonraí ar leith a léiriú agus samplaí a chur san áireamh.

(b) Déan cur síos ar na deiseanna atá ar fáil chun naisc thraschurclamacha a chur chun cinn nuair a dheartar gníomhaíochtaí measúnithe. Roghnaigh ábhar atá agat féin agus aon ábhar amháin eile chun sampla amháin a thabhairt.

8. Foilsíodh an cáipéis *An Teastas Sóisearach, Gnéithe Le Plé* ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta i 1999. Sa cháipéis seo, pléitear an "tionchar diúltach" ag baint leis an gcaoi nach úsáidtear réimse leathan modhanna agus teicníochtaí measúnachta a n-aontaíonn le haidhmeanna agus cuspóirí an Teastais Shóisearaigh.

(a) Cad é an tionchar diúltach a bhí i gceist ag an Roinn ó thaobh córas measúnithe an Teastais Shóisearaigh de? Déan léirmheas ar an ráiteas thuas lúaite ó thaobh ábhair amháin (m. sh. d'ábhar féin) sa sraith shóisearach.

(b) Ainmnigh na príomhmholtaí atá sa cháipéis thuas luaite chun an córas meastóireachta a leasú. Déan cur síos ar thionchar na moltaí ar an múinteoir ar leith dá gcuirfí i gcrích iad.

9.

(a) Deirtear go bhfuil gá le athrú fealsúnachta i gcur chuige an churaclaim ó cur chuige "traidisúnta" go cur chuige "nua-aimseartha". Deirtear go bhfuil na tréithe ábharthacha maidir le cur chuige nua-aimseartha lárnach i ndearadh an Chláir Ardteistiméireachta Fheidhmeach agus Clár na hIdirbhliana. Trácht ar an ráiteas seo i gcomhthéacs cláir amháin díobh.

(b) Déan léirmheas ar na bpríomhargóintí faoin tslí ina a bhfuil an Clár Ardteistiméireacha neamhspleách nó "*ringfenced*".